

AN PRÍOMHÚDARÁS RÉIGIÚNACH
FORFHEIDHMIÚCHÁIN DRAMHAÍOLA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021



Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



southern
waste region



connacht-ulster
waste region



eastern-midlands
waste region

DON ROINN COMHSHAOIL, AERÁIDE
AGUS CUMARSÁIDE.

Clár Ábhar

• Réamhrá ó na WERLAnna	3
• Réamhrá	4
• Gluais.....	5
• Rialachas WERLA	7
• Ráiteas Misin WERLA	8
• Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	9
• Polasaithe agus Cuspóirí 2021	11
• Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021	12
• Dul i ngleic le gníomhaíocht shuntasach neamhdhleathach dramhaíola	12
• Dramhaíl Tógála agus Scartála	13
• An Treoir um Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC) agus an tionscal dramh-mhiotail	16
• An Treoir FRC agus an Tionscal dramh-mhiotail agus an Tionscadal SDA	18
• Bailiú dramhaíola Tí agus Tráchtála	19
• Láithreáin spéise ilghníomhaireachta	21
• Rianú ar Shruthanna dramhaíola	23
• Sruth Dramhaíola FLT	24
• Príomhstaitisticí – FLT	29
• Rialacháin (Mearcair) an Aontais Eorpaigh 2018	31
• Príomhstaitisticí	33
• Tionscnamh Frithdhumpála 2021	34
• Oiliúint	35
• Ceardlann ag roinnt ár dtaithí ar Fhorfheidhmiúchán Dramhaíola	37
• Foilseacháin	40

Réamhrá ó na WERLAnna

Bunaíodh trí WERLA, a chlúdaíonn Réigiún Chonnacht agus Uladh, Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre agus Réigiún an Deiscirt, in 2015 le freagracht as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin dramhaiola na n-údarás áitiúil a chomhordú, tosaíochtaí agus comhchuspóirí a leagan síos maidir le forfheidhmiúchán dramhaiola, agus comhsheasmhacht fhorfheidhmiúchán na reachtaíochta dramhaiola a chinntiú agus fós ag fágáil pearsanra údaráis áitiúil mar chéad fhreagróirí ar an talamh.

Cuirfidh an ról feabhsaithe do na WERLAnna, arna shamhlú ag an athbhreithniú iar-chur chun feidhme a rinneadh in 2018, earnáil na n-údarás áitiúil i riocht freagairt níos fearr a thabhairt do dhúshláin fhorfheidhmiúcháin atá ag teacht chun cinn agus ar dhúshláin fhorfheidhmithe tosaíochta agus, ar deireadh thiar, beidh córas forfheidhmiúcháin níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla san Earnáil Rialtais Áitiúil mar thoradh air.

Síníodh na Comhaontuithe Seirbhíse idir an DECC agus na trí WERLA in 2021.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil bhliantúil seo gníomhaíochtaí agus éachtaí ó 2021.

Réamhrá

Tá Rialtóirí Comhshaoil in Éirinn freagrach as níos mó ná 500 feidhm cosanta comhshaoil atá laistigh de thart ar 100 píosa reachtaíochta.

Ní bheidh sé deacair a áitiú ar Oifigigh Forfheidhmiúcháin Dramhaíola nach dtugtar an aird atá tuillte ar chomhlíonadh i gcónaí, go háirithe acu siúd nach bhfuil baint dhíreach acu le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht dramhaíola. Ach a oiread agus is féidir le clúdach an phreasa ar fhorfheidhmiúchán ardphróifíle a bheith úsáideach mar dhíspreagadh, nílimid i ngnó na gceannlínte – is é an misean atá againn a chinntiú nach mbaintear an bonn d'inchreidteacht ár gcóras bainistíochta dramhaíola.

D'admhaigh an Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach “Le fiche bliain anuas tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn maidir lenár bhfeidhmíocht a thiomáint suas an t-ordlathas dramhaíola agus bogadh ar shiúl ó dhiúscairt mar ár bpríomhrogha chóireála. Nuair a chinn Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa in 2005 go raibh “go ginearálta agus go leanúnach” ag teip orainn riachtanais na Creat-Treorach Dramhaíola a chomhlíonadh, táimid ag baint amach go hiomlán nó táimid ar an mbóthar ceart chun ár spriocanna dramhaíola AE go léir a bhaint amach”.


Tá iarracht déanta ag Earnáil an Rialtais Áitiúil, le cúnamh ó thrí Phríomhúdarás Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA), bogadh ón gcur chuige traidisiúnta i leith forfheidhmiúchán rialála maidir le freagairt do theipeanna agus, ina ionad sin, rinne siad iarracht deiseanna idirghabhála agus coisc a aithint agus iarracht a dhéanamh forfheidhmiúchán traidisiúnta a chothromú le hobair chomhlíonta agus feasachta.

Dá mhéad is féidir linn feasacht a ardú ar na hoibleagáidí faoi na hachtanna agus rialacháin éagsúla agus cultúr comhlíonta a chur chun cinn i measc an tionscail dramhaíola agus an phobail i gcoitinne, is mó a bheimid in ann a léiriú go dtuilleann na daoine sin nach gcomhlíonann iad na pionóis thromchúiseacha a bhfuil sé de chumhacht againn iad a ghearradh.

Gluais


CCMA	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach	NIECE	Líonra um Chomhlíonadh agus Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil na hÉireann
MC	Measúnú Cuí	NTFSO	An Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann
TTB	Tuairisceán Timpeallachta Bliantúil	NWCPO	An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola
AGS	An Garda Síochána	OFT	Oifigeach Freagrachta Táirgeora
SCÚ	Saoráid Chóireála Údaraithe	CR	Comhordaitheoir Réigiúnach
T&S	Tógáil & Scartáil	IFS	Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	OFS	Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
CDCM	Critéir chun Damáiste Comhshaoil a Mheasúnú	MAF	Mórtáirgeoirí a bhfuil Amhras Fúthu
DECC	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	BIONna	Buan-Nósanna Imeachta Oibriúcháin
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch	STT	Seoladh Trasteorann
EFTA	Comhlachas Saorthrádála na hEorpa	AGF	Aerárthach Gan Foireann – Teicneolaíocht Dróin
FRC	Feithicil a bhfuil a Ré Caite	OFD	Oifigeach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola
ELVES	Seirbhísí Comhshaoil Feithicilí a bhfuil a Ré Caite	CSD	Cead Saoráide Dramhaíola
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	ABD	An tAcht um Bainistiú Dramhaíola
ESTG	Grúpa Oiliúna Seirbhísí Comhshaoil	TFD	Tionscnamh Frithdhumpála
ENPE	Líonra Eorpach Ionchúisitheoirí don Chomhshaoil	EUFJE	Fóram Líonra Eorpach na mBreithiúna don Chomhshaoil
EnviCrimeNet	Líonra Oifigeach Póilíní ag díriú ar dhul i ngleic le coireacht chomhshaoil.	DCCAE	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
CDE	Catalóg Dramhaíola Eorpach	TGT	Grúpa Teagmhála Tionscail
FIS	Fógra Iocaíochta Socraithe	NWESC	An Coiste Stiúrtha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta
TL	Tí	WERLA	An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola
GTT	Grúpa Teagmhála Tionscail	WERLA CUR	An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i Réigiún Chonnacht agus Uladh
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	WERLA EMR	An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i Réigiún Oirthear Lár na Tíre
IMVRA	Cumann Athchúrsálaithe Mótarfheithicilí na hÉireann	WERLA SR	An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i Réigiún an Deiscirt
IMPEL	Líonra Eorpach um Chur i bhFeidhm agus um Fhorfheidhmiúchán an Dlí Eorpaigh	údarás áitiúil / ÚÁ	Bardas buirge de chineál ar bith agus comhairle ceantair uirbigh san áireamh
IWMA	Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann	TFT	Tionscnamh Freagrachta Táirgeora
LASNTG	An Grúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údarás Áitiúil	RMCEI	Íoschritéir Molta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil
LGMA	Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	CFB	Córas Faisnéise Bainistíochta
LD	Liosta Dramhaíola		

- Réigiún Chonnacht Uladh
- Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre
- Réigiún an Deiscirt



WERLA

Struchtúr Rialachais



WERLA: Ráiteas Misin

Ár dtimpeallacht nádúrtha ardchaighdeáin a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go ndéantar monatóireacht ar ghníomhaíochtaí dramhaíola in Éirinn agus go gcuirtear reachtaíocht dramhaíola i bhfeidhm, ar bhealach comhsheasmhach, comhordaithe agus éifeachtach, de réir reachtaíocht agus beartais an AE agus náisiúnta trí phróiseas feabhsuithe leanúnacha.



Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Feidhmíonn údaráis áitiúla in Éirinn i gcomhthéacsanna casta reachtaíochta, polaitiúla agus áitiúla, agus is rialtóirí agus comhlachtaí rialaithe iad araon, a bhfuil oibleagáidí suntasacha dlí agus beartais rialtais orthu.

Táthar ag súil go mbeidh ról ceannaireachta gníomhach ag an rialtas áitiúil agus ní mór an ról ceannaireachta seo a fheidhmiú trí struchtúir agus prionsabail rialachais chorpáiridigh mhaithe, a spreagfaidh tuilleadh muiníne san earnáil rialtais áitiúil agus a neartóidh an caidreamh nach mór a bheith ann idir údaráis áitiúla agus na pobail ar a bhfreastalaíonn siad.

Tá obair na WERLAnna á maoirsiú ag an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiúchán Dramhaíola (NWESC) agus tá sé faoi chomhchathaoirleacht ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) agus an EPA. Socraíonn an NWESC Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (TNFDanna) agus spreagann sé comhsheasmhacht ag leibhéal lárnach. Socraíodh TNFDanna 2021 ag cruinniú an NWESC ar an 18 Samhain 2020.

Cuireann an socrú rialachais seo ar chumas na WERLAnna a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus a bheith cuntasach as a gcinntí agus a ngníomhartha.

Áirítear ar an NWESC ionadaithe ó raon leathan údarás rialála, lena n-áirítear na WERLAnna, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), an Garda Síochána (GS), an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann (NTFSO), an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (NWCPO), an Roinn Coimirce Sóisialaí, Oifigí Réigiúnacha Pleanála um Bainistiú Dramhaíola, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA) agus Comhordaitheoir Clár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAW PC).

Cothaíonn na hidirghníomhaíochtaí le linn na gcruinnithe rialachais seo muinín agus tuiscint idir páirtithe trí mhalartú faisnéise agus aiseolas a éascú, agus tacaíonn siad leis na WERLAnna agus iad ag déileáil le fadhbanna a bhaineann le coireacht thromchúiseach dramhaíola.

Ceapadh Comhordaitheoir Clár le haghaidh Oibríochtaí Dramhaíola údaráis áitiúil in 2021. Tuairiscíonn Comhordaitheoir Clár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil LAW PC go díreach do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Cathaoirleach Choiste Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála (WWEPP) CCMA.

Comhordaíonn an Comhordaitheoir Clár na cláir chomhroinnte seirbhísí dramhaíola atá ann cheana féin (Oifigí Réigiúnacha Pleanála um Bainistiú Dramhaíola (RWMPOnna), Príomhúdaráis Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna), an Oifig Náisiúnta um Seoladh

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Trasteorann (NTFSO), agus an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (NWCPO) chun comhsheasmhacht cur chuige a chinntiú.

Soláthraíonn cruinnithe foirmiúla rialta idir rialtóir agus príomhpháirtithe leasmhara an deis le haghaidh malartú oscailte faisnéise, tuairimí agus aiseolais ar chúrsaí rialála.

Tá sé tábhachtach go mbeadh na rannpháirtithe i socrú foirmiúil comhairliúcháin éagsúil agus go mbeadh páirtithe leasmhara ábhartha san áireamh. Is buanghrúpa comhairliúcháin é an Grúpa Teagmhála Tionscail (GTT) a léiríonn leasanna, eispéiris agus tréithe eagraíochtúla na bpáirtithe leasmhara agus a sholáthraíonn fóram le haghaidh malartú faisnéise idir príomhpháirtithe leasmhara. Tá Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann (IWMA) ina chathaoirleach air agus tá comhaltaí air ó: DECC, EPA, WERLAnna, an Institiúid Chairte um Bainistiú Dramhaíola, NTFSO, NWCPO agus na Scéimeanna Comhlíonta go léir maidir le Freagracht an Táirgeora.

Tá a líonra féin de ghrúpaí údarás áitiúil ag gach WERLA freisin, Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha, Grúpaí Oibríochtaí Réigiúnacha agus Grúpaí Réigiúnacha Oifigeach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola san áireamh, a thagann le chéile go rialta chun riosca rialála a aithint, a anailísiú agus a chur in ord tosaíochta; pleananna straitéiseacha agus oibríocháin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm; cinntí rialála eolasacha, iontaofa agus comhsheasmhacha a dhéanamh; agus ráthaíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara go bhfuil cuspóirí rialála á mbaint amach.

Cuireann cruinnithe ad hoc, seimineáir agus pléghrúpaí ar chumas na WERLAnna idirghníomhú le páirtithe leasmhara roghnaithe ar fhadhbanna rialála sonracha nuair is úsáidí is mó don rialtóir agus do na páirtithe leasmhara faisnéis a mhalartú.

Tá comhar agus ailíniú idirnáisiúnta an-tábhachtach maidir le forfheidhmiúchán dhlí comhshaoil an AE. Chun comhoibriú agus ailíniú forfheidhmiúcháin a fheabhsú, bíonn teagmháil struchtúrach, phearsanta agus mhinice ag na WERLAnna inar féidir leo a líonra a neartú, eispéiris agus dea-chleachtais a mhalartú, cásanna leanúnacha a phlé agus a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a ailíniú le chéile. Aithnítear rioscaí rialála atá ag teacht chun cinn trí idirchaidreamh leanúnach le, agus rannpháirtíocht i líonraí rialála idirnáisiúnta amhail IMPEL, EnviCrimeNet, ENPE agus EUFJE.

Beartais/Cuspóirí 2021

Cuspóir A:

Reachtaíocht agus beartas AE agus náisiúnta a chur i bhfeidhm chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú maidir le forfheidhmiúchán dramhaíola

Beartas A1:

Tacaíocht a thabhairt do, agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtosaíochtaí náisiúnta um fhorfheidhmiúchán dramhaíola don bhliain 2019 mar a chomhaontaigh an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiúchán Dramhaíola (NWESC).

Beartas A2:

Tacaíocht a thabhairt do, agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm scéimeanna TFT in 2019 mar a chomhaontaigh an NWESC.

Beartas A3:

Tacaíocht a thabhairt do, agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Mearcair in 2019 mar a chomhaontaigh an NWESC.

Cuspóir B:

Fadhbanna náisiúnta forfheidhmiúcháin dramhaíola a aithint agus a bhainistiú trí straitéis atá sainmhínithe go soiléir.

Beartas B1:

Plean oibre bliantúil a athbhreithniú agus a chothabháil.

Beartas B2:

Leanúint ar aghaidh le caidreamh oibre le páirtithe leasmhara agus úsáid a bhaint as na sonraí a bailíodh chun dúshláin fhorfheidhmiúcháin a aithint.

Cuspóir C:

Beartas C1:

A chinntiú go bhfuil gach treoir a eisítear cruinn, comhsheasmhach agus go gcuirtear an reachtaíocht ábhartha san áireamh.

Beartas C2:

Struchtúr a sholáthar chun comhar níos fearr a éascú idir údaráis fhorfheidhmiúcháin, chun cur le foghlaim ó phiaraí a éascú agus chun fóraim a chruthú chun eolas a roinnt ar an gcleachtas is fearr.

Beartas C3:

Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i measc páirtithe leasmhara.

Cuspóir D:

Beartas D1:

Treoir chaighdeánach maidir le forfheidhmiúchán dramhaíola a sholáthar chun a chinntiú go nglactar le dea-chleachtais agus éifeachtúlachtaí.

Cuspóir E:

Beartas E1:

Bearta a fhorbairt chun cabhrú le húdaráis áitiúla gníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraíthe a chosc, a laghdú agus deireadh a chur leo.

Beartas E2:

Fadhbanna tromchúiseacha náisiúnta um fhorfheidhmiúchán dramhaíola a aithint agus dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun freagraí cuí a fhoirmiú.

Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

DUL I NGLEIC LE GNÍOMHAÍOCHT SHUNTASACH NEAMHDHLEATHACH DRAMHAÍOLA

Dul i ngleic le gníomhaíocht shuntasach neamhdhleathach dramhaíola

- Dul i ngleic le gníomhaíocht shuntasach neamhdhleathach dramhaíola, ag díriú ar dhumpáil neamhdhleathach agus ar bhailitheoirí neamhúdaraíthe (bailitheoirí nach bhfuil údaraíthe le haghaidh dramhaíola ar leith san áireamh).
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an tionscail údaraíthe chun a áirithiú nach dtacaíonn sé le gníomhaíochtaí bailitheoirí neamhúdaraíthe.
- Úsáid a bhaint as ábhar Uirlisí Frithdhumpála atá á óstáil ar mywaste.ie chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí den sórt sin agus chun feasacht a ardú.

Le 20 bliain anuas, tá athruithe ar reachtaíocht, ar bheartas dramhaíola, ar thionscnaimh eacnamaíocha, ar bhonneagar agus ar chomhdhlúthú an struchtúir rialála tar éis dul i bhfeidhm ar chleachtais bainistíochta dramhaíola in

Éirinn. Tá modhanna iomadúla ann d'áitribh tí agus tráchtála a gcuid dramhaíola a dhiúscairt ar bhealach atá slán ó thaobh an chomhshaoil de, mar shampla í a bhailiú trí bhailiúchán dramhaíola cois bóthair (76% den dramhail tí ar fad), í a thabhairt chuig an líonra de 120 ionad fóntas poiblí nó 1850 ionad fág anseo, bailiúcháin dramhaíola téagartha sceidealta nó trí úsáid a bhaint as na seirbhísí á gcur ar fáil ag bailitheoir dramhaíola údaraíthe.

Príomhstaitisticí

- Iniúchtaí imscrúdaithe ar dhumpáil mhídhleathach, gan T&S, FRCanna agus Boinn neamhúdaraíthe a áireamh – **22655**.
- Iniúchadh i ndáil le bailitheoirí dramhaíola neamhúdaraíthe **633**.
- Iniúchtaí i ndáil le suíomhanna dramhaíola neamhúdaraíthe eile **469**.

Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

Dramhaíl Tógála agus Scartála (T&S) is ea an sruth dramhaíola is mó san AE, arb ionann é agus aon trian den dramhaíl a ghintear. Is é an sruth dramhaíola is mó a tháirgtear in Éirinn agus meastar go méadóidh sé ó 7.29M tona in 2021 go 12.6M tona in 2029, ag teacht le seachadadh na dtionscadal tithíochta agus bonneagair atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040.

Cruthaíonn sé seo dúshlán do bhainistiú dramhaíola T&S agus, mar thoradh, dhírigh na WERLanna agus na húdaráis Áitiúla ar na nithe seo a leanas:

- Diúscairt neamhúdaráithe de dhramhaíl T&S, bainistiú, gluaiseacht agus diúscairt na dramhaíola T&S san áireamh, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar líon sonrach de chóid LD.

Rinneadh anailís ar shonraí Tuarascálacha Bliantúla (TB) ó bhailitheoirí dramhaíola agus saoráidí dramhaíola agus úsáideadh iad chun bailitheoirí móra agus saoráidí a shainaithint do chóid Liosta Dramhaíola (LD) ar leith. Bhain oifigigh forfheidhmiúcháin dramhaíola úsáid as an treoir chuí WERLA chun iniúchtaí 'ó bhreith go bás' a dhéanamh go cianda.

- A chinntiú go bhfuil an bhainistíocht agus na rialuithe cuí i bhfeidhm ag an bhfoinse ar láithreáin tógála chun bainistíocht chuí na n-ábhar a thagann chun cinn a dhearbhu.

D'fhéadfadh buntáistí suntasacha a bheith ag baint le bainistiú cuí dramhaíola T&S agus acmhainní ó thaobh inbhuanaitheachta. Aithnítear sa Phlean



Gníomhaíochta Dramhaíola (PGD) do Gheilleagar Ciorclach go bhféadfai substaintí a mheas mar fhotháirge seachas mar dhramhaíl i gcúinsí áirithe. Tá buntáistí ag baint leis seo don gheilleagar ciorclach trína chinntiú go gcuirtear feabhas ar shaolré táirgiúil acmhainní agus go gcuirtear síneadh ama léi. Laghdaíonn sé freisin an gá le hacmhainní nádúrtha breise a asbhaint.

Cuireadh “Treoirlínte Dea-Chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála” in ionad threoirlínte 2006 “Dea-Chleachtas ar Ullmhú Pleananna Bainistíochta Dramhaíola do Thionscadail Tógála agus Scartála” ar an 30 Samhain 2021 chun rialacháin nua agus dea-chleachtas cothrom le

dáta a chur san áireamh. Soláthraíonn na treoirlínte seo cur chuige praiticiúil atá bunaithe ar an gcleachtas is fearr maidir le cosc agus bainistiú dramhaíola T&S agus acmhainní, idir dhearadh, thógáil agus dhíthógáil. Soláthraíonn na treoirlínte cur chuige coiteann do chliaint, forbróirí, dearthóirí, cleachtóirí, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus údaráis inniúla maidir le Pleananna Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola a ullmhú.

In ainneoin dhianghlasáil COVID 19 bhí méadú ar fhógraí faoi Airteagal 27 i gcomparáid le hamanna réamh-COVID. Rinneadh 485 fógra seachtháirge faoi Airteagal 27 (458 in 2019), agus tá 454 (94%) díobh ag fanacht le cinntí. Tá 15 cinntithe mar fhotháirge, ceann amháin eile mar dhramhaíl, agus tarraingíodh siar 15 fhógra.



Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

Iniúchtaí T&S 2021

1491

iniúchadh maidir
le leithscaradh,
aisghabháil
agus diúscairt
dramhaíola T&S

952

iniúchadh
imscrúdaithe maidir
le láithreáin T&S
neamhúdairithe
(Suíomhanna
gan cheadúnas)

425

iniúchadh ar
láithreáin ar tugadh
fógra ina leith faoi
Airteagal 27



Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

AN TREOIR UM FHEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE (FRC) AGUS AN TIONSCAL DRAMH-MHIOTAIL

Gach bliain, sroicheann na milliúin feithicil san Eoraip deireadh a ré. Nuair nach ndéantar feithicilí a bhfuil a ré caite (FRCanna) a bhainistiú i gceart, d'fhéadfaidís fadhbanna comhshaoil a chruthú agus cailleann geilleagar na hEorpa na milliúin tona ábhar.

Cé go bhfuil na spriocanna FRC bainte amach ag Éirinn, is dúshlán é d'oibreoirí SCÚ agus d'údarais rialála araon leanúint de rátaí arda athúsáide, aisghabhála agus athchúrsála a chothabháil. Chinntigh an dúshlán seo gur measadh go bhfuil comhlíonadh na Treorach FRC agus monatóireacht ar an Tionscal Miotail mar Thosaíocht Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta bliain ar bhliain ó 2016 agus níor tháinig aon athrú ar an scéal sin in 2021 nuair a díródh ar na nithe seo a leanas

1. Tabharfar faoi chlár iniúchta spriocdhírithe ar shuíomhanna agus ar oibreoirí FRC údaraithe agus faoi ghníomhaíocht chomhordaithe i gcoinne láithreáin agus oibreoirí FRC neamhúdaraithe.
2. A chinntiú go ndéantar taifead agus tuairisciú cuí chun fianaise a sholáthar do rátaí aisghabhála foriomlána na hÉireann do chodáin FRC, taifeadadh fianaise ar aisghabháil iarmhair mionghearrtha san áireamh.

Díródh an straitéis idirghabhála a d'fhorbair na WERLAnna, go ginearálta, ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an tionscal údaraithe chun a chinntiú nach bhfuil díchoimeáil feithicilí neamhúdaraithe á n-éascú aige agus ar láithreáin FRC neamhúdaraithe a dhúnadh mar a leagtar amach thíos.

3. Monatóireacht a dhéanamh ar sceitheadh DTLL chuig áiseanna athchúrsála miotail, chun a fháil amach an bhfuil gá le gníomh agus lena chinntiú go ndéantar DTLL a scaradh go cuí le haghaidh cóireála agus aisghabhála.

Ceapadh straitéis sceite DTLL. Bhí sé mar aidhm ag an straitéis seo feabhas a chur ar aisghabháil agus ar athchúrsáil DTLL ag gach bailitheoir dramhaíola agus saoráid dramhaíola cheadaithe. Mar thoradh ar an straitéis coigeartaíodh na foirmeacha iniúchta a bhí ann ag an am sin le haghaidh Saoráidí Cóireála Údaraithe (SCÚnna) agus bailitheoirí scipeanna dramhaíola cheadaithe, agus íocadh lacáiste leis na scéimeanna comhlíonta DTLL chun tacú le scaradh DTLL ag na láithreáin sin.

Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

AN TREOIR UM FHEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE (FRC)
AGUS AN TIONSCAL DRAMH-MHIOTAIL


Iniúchtaí SCÚ 2021

449

iniúchadh imscrúdaithe maidir le láithreáin FRC neamhúdairithe agus láithreáin tionscnaimh a bhfuil amhras fúthu, curtha in iúl ag an NTFSO (láithreáin gan cheadúnas)

283

iniúchadh maidir le saoráidí údairithe FRC le béim ar riachtanais inrianaitheachta (IR 320 de 2014)



Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

AN TREOIR UM FHEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE (FRC) AGUS AN TIONSCAL DRAMH-MHIOTAIL AGUS AN TIONSCADAL UM SHRUTHANNA DRAMHAÍOLA ARDLUACHA (SDA).

Is féidir luach suntasach airgeadaíochta a bheith ag FRCanna agus a gcomhpháirteanna (m.sh., tiontairí cataíochta agus cadhnraí luaidhe-aigéadacha). Is féidir díchoimeáil neamhdhleathach FRCanna sa phobal a spreagadh mar thoradh ar an luach sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le truailliú suntasach comhshaoil. Is féidir le SCÚnna, atá údaraithe faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola ag an údarás áitiúil nó ag an EPA, an ghníomhaíocht neamhdhleathach seo a éascú má ghlacann siad le sruthanna dramhaíola ardluacha a eascraíonn as díchoimeáil neamhúdraithe nó gníomhaíocht choiriúil. Is iad Sruthanna Dramhaíola Ardluacha an dramhaíl a bhaineann le cóid LD, eadhon 16 01 04* feithiclí truaillithe, 16 01 06 feithiclí díthruaillithe, 16 01 03 boinn a bhfuil a ré caite, 16 06 01* cadhnraí luaidhe agus 16 08 01 tiontairí cataíochta caite. Téann na sruthanna dramhaíola ardluacha seo isteach in SCÚnna faoi chruth 'poiblí' agus déantar iad a phróiseáil ina dhiaidh sin. Is féidir leis an ngníomhaíocht seo an bonn a bhaint d'oibreoirí comhlíontacha agus fás na díchoimeála neamhdhleathaí agus goid comhpháirteanna ardluacha gluaistean a chothú. Chun bém bhreise a tharraingt ar an iarracht forfheidhmiúcháin, rinne an tionscadal SDA anailís ar thuairisciú sonraí 2019 ó SCÚnna don NWCPO le haghaidh tuairisceáin bhliantúla agus don

Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) le haghaidh eisiúint Deimhnithe Scriosta (DSanna); chríochnaigh na WERLanna an scrúdú ar na sonraí sin go luath in 2021. Bhí an anailís seo indéanta trí uirlis bailíochtaithe sonraí a fhorbairt a d'iompaigh tonaí ina n-aonaid agus a mhalairt de chás. Aithníodh agus roghnaíodh SCÚnna leis na haimhrialtachtaí is suntasaí. Tá na himscrúduithe curtha i gcrích anois agus áirítear le cuid de na torthaí luatha

- Dramhaíl glactha agus próiseáilte gan DSanna a eisiúint
- Gabháil sonraí lag
- Easpa rátaí comhshó aonfhoirmeacha úsáidte ag saoráidí
- Athruithe i gcóid Liosta Dramhaíola in úsáid
- Leitheadúlacht leanúnach úsáideoirí poiblí
- Meascadh tuairiscithe láithreán

Mar thoradh ar na torthaí, tabharfar faoi chlár breise imscrúduithe leantacha agus gníomhartha forfheidhmiúcháin nuair is gá, i dtús 2022.

Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

BAILIÚ DRAMHAÍOLA – TÍ AGUS TRÁCHTÁLA

Gineann Éire os cionn 1 mhilliún tona de dhramhbhia in aghaidh na bliana agus tagann 60% den dramhaíl sin ón earnáil tí agus tráchtála. Aithnítear dramhbhia mar shruth dramhaíola tosaíochta agus déantar iarracht an acmhainn luachmhar sin a scaradh, a ghabháil agus a athchúrsáil. Leagann Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Tí agus Bithdhramhaíl) 2015, arna leasú, oibleagáidí ar shealbhóirí tí agus ar bhailitheoirí dramhaíola araon. Tá sé de cheangal ar shealbhóirí tí a ndramhbhia a scagadh, agus é a chur ar fáil lena bhailiú ar leithligh. Ceanglaítear ar bhailitheoirí dramhaíola dramhbhia ó theaghlaigh i gceirtleáin >500 duine a bhailiú ar leithligh.

- Cinntiú go gcloítear le ceadanna bailithe dramhaíola, cur ar fáil céimneach leanúnach na hAraide Donna i limistéir ainmnithe san áireamh mar aon le monatóireacht ar chomhlíonadh san earnáil fruilithe scipeanna.
- Ardú feasachta agus iniúchadh chun cleachtais fheabhsaithe maidir le scaradh dramhaíola tí a spreagadh.
- Tá na Rialacháin um Dhramhbhia Tráchtála (I.R. Uimh. 508 de 2009 – Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia) 2009) i bhfeidhm ó 2009 i leith. Éilíonn na rialacháin ar tháirgeoirí dramhbhia é sin a chur in araid tiomnaithe, gan é a mheascadh le sruthanna dramhaíola eile agus seirbhís bailithe araidí donna a bheith acu chun athchúrsáil na dramhaíola a éascú.
- Comhlíonadh agus scagadh feabhsaithe sa dramhaíl tráchtála le béim ar leith ar bhialanna miondíoltóirí bia agus óstáin chun feabhas a chur ar scagadh ábhar orgánach, scaradh ábhar tirim in-athchúrsáilte (plaistigh san áireamh) agus soláthar fianaise ar íoslaghdú dramhbhia.

Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

INIÚCHTAÍ AR BHAILIÚ DRAMHAÍOLA TÍ AGUS TRÁCHTÁLA 2021

887

Iniúchadh Dramhbhia
Tráchtála (táirgeoirí bunaidh
dramhaíola, m.sh.,
óstáin, tithe altranais,
bialanna, srl.)

6343


Suirbhé Dramhaíola
Tí (monatóireacht
ar chomhlíonadh na
gceanglas scagtha
san áireamh)

2089

iniúchadh maidir leis an
gcóras bailithe dramhaíola
tí agus tráchtála
cois bóthair (araidí
donna san áireamh)

2597

Iniúchadh Dramhaíola
Tí/cuir i láthair dramhaíola
ag éirí as gearáin,
dó sa chúlchlós
san áireamh



Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

LÁITHREÁIN SPÉISE ILGHNÍOMHAIREACHTA

Ba cheart d'údaráis áitiúla láithreáin ina bhféadfadh dramhaíl a bheith curtha i bhfostú gan údarú, agus ina bhfuil forais réasúnacha chun a chreidiúint go bhfuil gníomhaíocht neamhdhleathach leanúnach ar siúl, a shainaithint agus an oifig ábhartha WERLA a chur ar an eolas,

ionas gur féidir tús a chur le freagairtí ilghníomhaireachta go tráthúil.

Le linn 2021 tugadh faoi 239 oibríocht ilghníomhaireachta, seicphointí feithiclí agus iniúchtaí ilghníomhaireachta láithreáin san áireamh.



Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

LÁITHREÁIN SPÉISE ILGHNÍOMHAIREACHTA

Ba cheart d'údaráis áitiúla láithreáin ina bhféadfadh dramhaíl a bheith curtha i bhfostú gan údarú, agus ina bhfuil forais réasúnacha chun a chreidiúint go bhfuil gníomhaíocht neamhdhleathach leanúnach ar siúl, a shainaithint agus an oifig ábhartha WERLA a chur ar an eolas,

ionas gur féidir tús a chur le freagairtí ilghníomhaireachta go tráthúil.

Le linn 2021 tugadh faoi 239 oibríocht ilghníomhaireachta, seicphointí feithiclí agus iniúchtaí ilghníomhaireachta láithreáin san áireamh.



RIANÚ SRUTHANNA DRAMHAÍOLA

D'aithin an NWESC go bhfuil rianú sruthanna dramhaíola rithabhachtach chun an cód dramhaíola a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa Stát. Chuige seo, d'aithin Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach i mBeartas Náisiúnta Dramhaíola na hÉireann 2020–2025 roinnt beart chun cáilíocht agus tráthúlacht sonraí a fheabhsú agus chun a chinntiú gur féidir le gach gníomhaireacht ábhartha sonraí a roinnt – chomhordaigh na WERLAnna na bearta sin mar leagtha amach thíos: –

Oibríochtaí Ilghníomhaireachta

Leanann na WERLAnna ar aghaidh ag comhordú oibríochtaí ilghníomhaireachta ar fud na réigiún chun díriú ar ghníomhaíochtaí neamhúdaráithe ag baint úsáid as faisnéis agus comhordú gníomhaíochta forfheidhmiúcháin idir gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin chun dul i ngleic le coireacht thromchúiseach dramhaíola. Chruthaigh paindéim COVID-19 dúshlán i dtéarmaí gníomhaíochtaí ilghníomhaireachta ar fud an Stáit. D'athraigh na WERLAnna straitéisí forfheidhmiúcháin chun oibríochtaí ilghníomhaireachta a éascú agus chun tacú leo, agus bhí torthaí rathúla mar thoradh air. Táthar ag súil le hathbhunú na ngrúpaí ilghníomhaireachta réigiúnacha ar fud na dtrí réigiún in 2022, agus deireadh á chur le srianta COVID-19.

Comhbhailíochtuithe

Lean WERLAnna le comhbhailíochtú Tuairisceán Bliantúil (TB) leis an RWMPO do na sealbhóirí ceada is suntasaí a aithníodh sa Stát. Leanfar leis an obair seo in 2022. Mar chomhaltai den Ghrúpa oibre um bailíochtú sonraí, ainmníodh baill foirne WERLA mar mheantóirí chun cabhrú le húdarais áitiúla le linn bailíochtuithe TB.

Pleanáil RMCEI

Leanann RMCEI de bheith mar bhonn agus mar thaca ag an bhforfheidhmiúchán comhshaoil in Éirinn agus in 2021 cuireadh pleanáil forfheidhmiúcháin dramhaíola don bhliain ina dhiaidh sin ar aghaidh chuig na húdarais Áitiúla bhainteacha faoi Chiorclán DECC WP 08/20.

Thug an ciorclán seo treoir d'Údarais Áitiúla maidir lena dTosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta nó don bhliain ina dhiaidh sin ag baint úsáid as próiseas pleanála RMCEI. Le linn 2021 rinneadh monatóireacht agus coigeartú ar dhul chun cinn pleananna aonair RMCEI, go háirithe maidir le TNFDanna, trí struchtúr rialachais WERLA.

Feabhsaíodh é seo tuilleadh le tuairisceáin mhíosúla LGMA a chomhordaigh na sonraí d'údarais áitiúla agus a tuairiscíodh do struchtúir rialachais éagsúla WERLA i rith na bliana.

Tosaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta 2021

SRUTH DRAMHAÍOLA FHREAGRACHT BHREISITHE TÁIRGEORA (FBT)

Ceallraí gluaisteáin

Tá Rialacháin nua ceallraí le heisiúint ag an gCoimisiún Eorpach. Nuair a eiseofar na rialacháin seo, déanfar dlí díobh i ngach Ballstát. Molann na rialacháin seo pas ceallraí a thabhairt isteach do gach ceallra. Aithneofar ceallraí éagsúla freisin, ceallraí feithiclí leictreacha san áireamh.

Chuir na WERLAnna aighneacht faoi bhráid an DECC mar chuid den phróiseas comhairliúcháin do na rialacháin nua ceallraí atá beartaithe.

Pacáistiú

Tá an clár forfheidhmiúcháin pacáistithe do 2021 ar siúl fós. Comhaontaíodh Mórtháirgeoirí a bhfuil Amhras Fúthu (MAFanna), arna sainaithint ag an scéim chomhlíonta, leis na hÚdaráis Áitiúla agus rinneadh iad a uaslódáil chuig an tairseach phacáistithe i mí Aibreáin.

Agus MAFanna á n-aithint lena n-íniúchadh, bhí na WERLAnna ar an eolas faoi thionchar COVID 19, agus bhí stádas trádála MAFanna ina fhachtóir cinntitheach maidir le cibé

an raibh iniúchadh tuillte, go háirithe san earnáil fáilteachais.

Cuireadh oiliúint ar fáil, ar líne trí MS Teams mar gheall ar shrianta COVID, do bhaill foirne nua údaráis áitiúil agus treirdhoiciméad á úsáid, chun na rialacháin pacáistithe a fhorfheidhmiú. D'fhorbair na WERLAnna an oiliúint sin.

Rinneadh iniúchtaí pacáistithe go cianda seachas go pearsanta mar chuid den chlár píolótach pacáistithe.

DTLL

Tá gabháil agus cóireáil DTLL ríthábhachtach chun cuidiú le cosaint an chomhshaoil agus le baint amach na spriocanna bailiúcháin uailmhianacha atá leagtha síos ag an Treoir Athmhúnlaithe um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL).

Chomhordaigh na WERLAnna clár iniúchtaí ar údaráis áitiúla in 2021, ag díriú go sonrach ar shocruithe láimhseála, stórála agus bailiúcháin DTLL ag SCÚanna agus Saoráidí Fruilthe Scipeanna.

Chun áisiúlacht agus infheictheacht na hathchúrsála DTLL a mhéadú, thosaigh na comhlachtaí ceadaithe (DTLL Éire agus FLT) ag soláthar lacáistí do shaoráidí dramh-mhiotail údaraithe agus saoráidí scipeanna trí bhearta airgeadais, chun DTLL a threorú isteach sa chóras foirmiúil athchúrsála.

Faigheann na WERLAnna ó na scéimeanna comhlíonta liosta de na sealbhóirí ceadá nár chláraigh don lacáiste DTLL nó atá ag baint leas as an lacáiste ach a scaoileann cainníochtaí teoranta DTLL chuig na scéimeanna. Scaipeann na WERLAnna na tuarascálacha seo chuig an údarás áitiúil ábhartha le haghaidh imscrúduithe.

Mar thoradh ar straitéis sceite DTLL tá comhar níos fearr ann i measc páirtithe leasmhara.

BOINN

Leanann údarás áitiúla dá n-iniúchtaí bonn a dhíriú ar mhiondioltóirí nach baill iad nó ar cúlghaireadh a mballraíocht toisc nár chomhlíon siad coinníollacha ballraíochta don chomhlacht ceadaithe.

Repak ELT mar a fhoráiltear faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Boinn agus Boinn Dramhaíola) 2017 arna leasú (I.R. 400 2017). Déanann oifigí WERLA an tosaíocht náisiúnta seo a chomhordú. Seasann an ráta comhlíonta do bhallraíocht miondioltóirí ag 87% go náisiúnta. Breathnaítear ar FISanna

mar shásraí costéifeachtacha chun comhlíonadh na rialachán a fheabhsú do chionta a ionchúisíodh sa chúirt roimhe seo. Chuir na WERLAnna aighneacht faoi bhráid an DECC ag moladh go n-áireofaí 15 FIS do bhoinn – saorfaidh sé seo acmhainní na gcúirteanna agus na n-údarás áitiúil agus gníomhóidh sé mar dhreasacht do mhiondioltóirí a n-oibleagáid a chomhlíonadh agus pionós airgeadais a sheachaint. 2904 áitreabh san iomlán cláraithe ag deireadh na bliana 2021.

Tionscadal Píolótach Comhlíonta Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC)

Leagann Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite), 2014, arna leasú, oibleagáidí sonracha ar úinéirí feithiclí, ar tháirgeoirí agus ar shaoráidí cóireála údaraithe maidir le FRCanna a chur i dtaisce, a chóireáil agus a dhiúscairt.

Spreagann na rialacháin athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil FRCanna.

Tá oibleagáid ar tháirgeoirí feithiclí sonraithe (allmhaireoirí gluaisteán nua agus gluaisteán athláimhe) clárú le gach Údarás Áitiúil laistigh den Stát nó leis an gcomhlacht ceadaithe. Is é ELVES an scéim chomhlíonta cheadaithe (FRC) d'Éirinn. Tá ELVES maoinithe ag a Chomhaltaí táirgeora, allmhaireoirí feithiclí nua agus feithiclí athláimhe.

Níl a n-oibleagáidí faoi na Rialacháin á gcomhlíonadh ag táirgeoirí a dteipeann orthu clárú le gach Údarás Áitiúil nó dul isteach sa chomhlacht ceadaithe.

Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal píolótach FRC um fhorfheidhmiúchán comhlíontachta in 2021; cuireadh teorainn leis na hiniúchtaí mar gheall ar phaindéim COVID-19. Leanann údaráis áitiúla le

hiniúchtaí spriocdhírithe a dhéanamh ar tháirgeoirí feithiclí sonraithe.

Bhí tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe (RA) ón Aontas Eorpach (AE) ar tháirgeoirí a allmhairíonn feithiclí athláimhe isteach sa Stát. Ón 1 Eanáir 2021, beidh ar tháirgeoirí a allmhairíonn feithiclí athláimhe ón RA íoc as costais bhreise i dtéarmaí taraifí allmhairiúcháin.



Maoiniú le haghaidh feabhsúchán ar stoc-chairn de shruth dramhaíola FLT atá ina mbagairt don chomhshaol

Ar an drochuair, cruthaíonn na hairíonna céanna a dhéanann plaistigh scannáin feirme agus plaistigh bonn chomh húsáideach sin dúshlán diúscartha ag deireadh a saoil bheartaithe. Tá sé an-deacair tinte i stoc-chairn de sheanbhoinn agus de phlaisteach scannáin feirme úsáidte a rialú. Gineann tinte den saghas sin deatach guaiseach a d'fhéadfadh a bheith ina bhaol sláinte don phobal mar gheall ar ionanálú cáithníní agus ceimiceán.

In 2021 fuair an DECC maoiniú chun leanúint ar aghaidh le feabhsú roinnt láithreán imní ina raibh boinn agus plaisteach scannáin feirme, láithreáin arna gcur chun cinn ag údaráis áitiúla trí na WERLAnna. Is éard atá sa mhaoiniú seo, a riartar trí scéim deontas feabhsúcháin an FLT do stoc-chairn de shruth dramhaíola, ná leithdháileadh na ndeontas caipitil, mar aitheantas ar an ualach airgeadais a bhíonn ar údaráis áitiúla agus beart forfheidhmiúcháin riachtanach agus feabhsú na stoc-charn neamhdhleathach sin á ndéanamh acu.

Bíonn na hoibreacha feabhsúcháin maoinithe go hiomlán ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC).

An clár le haghaidh feabhsú láithreáin de stoc-chairn srutha dramhaíola Fhreagracht Breisithe Táirgeora, bhailigh sé neart le linn 2021. Faoi láthair tá 5 láithreán ar fud an Stáit faoi shainchúram an chláir. Dhá cheann i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus i réigiún an Deiscirt agus ceann amháin i réigiún Chonnacht agus Uladh. Tá an próiseas tairisceana críochnaithe ag gach láithreán de réir nós imeachta an chaiteachais phoiblí. Baineadh na boinn dramhaíola go léir de dhá láithreán i réigiún Chonnacht agus Uladh agus de láithreán amháin i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Tá dramhaíl á baint de dhá láithreán i réigiún an Deiscirt a stóráilann boinn dramhaíola agus plaisteach dramhaíola feirme agus críochnófar an obair sin in 2022. Táthar ag súil go gcríochnófar láithreán eile i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre in 2022 freisin.


Tá na WERLAnna faoi seach ag comhordú dul chun cinn na láithreán seo leis na húdaráis áitiúla agus leis an DECC. Tá maoiniú do na láithreáin seo ceadaithe ag an DECC má chuirtear oibreacha i gcrích, agus íocaíochtaí déanta laistigh de fhráma ama socraithe

LÁITHREÁIN a bhfuil gá le feabhsúchán ina leith

	Comhairle Contae na Gaillimhe	Láithreán 1	Boinn
	Comhairle Contae Dhún na nGall	Tamhnaigh an Mhullaigh	Boinn
	Comhairle Contae na hIarmhí	Láithreán 1	Boinn
	Comhairle Contae na hIarmhí	Láithreán 2	Boinn
	Comhairle Contae an Chláir	Boinn	Tosaithe
	Comhairle Contae Phort Láirge	Plastigh Feirme	Tosaithe



PRÍOMHSTAITISTICÍ – FLT





Láithreán bonn

RIALACHÁIN (MEARCAIR) AN AONTAIS EORPAIGH

I.R. 533/2018

Miotal an-tocsaineach atá ina leacht ag teocht an tseomra is ea mearcair, eilimint a fhaightear go nádúrtha agus atá le fáil i screamh an domhain.

Tá mearcair á bhaint agus á úsáid ag daoine leis na mílte bliain agus mhéadaigh sé seo go mór na leibhéil mearcair atá inár n-aer, ár n-uisce agus ár n-ithreacha.

D'fhéadfadh éifeachtaí tromchúiseacha sláinte a bheith mar thoradh ar nochtadh mearcair, fiú i méideanna beaga:

- D'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar fhorbairt inchinne linbh roimh an mbreith agus sna mblianta forbartha.
- D'fhéadfadh éifeachtaí tocsaineacha a bheith aige ar an gcóras díleá, néarógach agus imdhíonachta agus ar na scamhóga, na duáin, an chraiceann agus na súile trí nochtadh fada nó arís agus arís eile.

Bíonn tionchar suntasach ag mearcair sa chomhshaol ar fhiadhúlra, mar shampla laghdaíonn sé torthúlacht na n-ainmhithe atá buailte agus athraíonn sé a n-iompraíocht; bithcharnann sé in éisc. Ábhar líonta fiacloireachta é malgam fiacloireachta a úsáidtear chun cuasa mar gheall ar lobhadh fiacail a líonadh. Is meascán de mhiotail é malgam fiacloireachta, atá comhdhéanta de

mhearcair leachtach (eilimintíúil) agus cóimhiotal púdraithe d'airgead, stán agus copar. Is mearcair eiliminteach de réir meáchain é thart ar leath (50%) den mhalgam fiacloireachta.

Tosaíodh ar dheireadh a chur le húsáid mearcair i líonta fiacail in Éirinn i mí Iúil 2018 agus, de réir cleachtais fhiacloireachta atá ábhartha i láthair na huaire, is gá deighilteoirí malgaim a fheistiú i gcórais shúcháin chun malgam fiacloireachta a scagadh, ionas go mbeidh 95% ar a laghad de na dramhcháithníní malgaim fiacloireachta bainte den fuíolluisce ar fad a théann isteach sa phríomhchóras fuíolluisce, rud a íoslaghdóidh an tionchar ar an gcomhshaol.

Aithníodh breis is 1000 clinic fiacloireachta go náisiúnta a bhféadfadh riachtanas féideartha shuiteáil na ndeighilteoirí malgaim seo a bheith orthu. Chun an gá le hiniúchtaí fisiceacha a laghdú le linn tréimhse gluaiseachtaí srianta, d'fhorbair na WERLanna foirm féindearbhaithe le comhlánú ag clinici fiacloireachta, foirm a scaipeadh chuig na clinici fiacloireachta ábhartha ag Údarás Áitiúla.


D'éirigh go han-mhaith leis seo agus déanfar seiceáil ar chruinneas na bhfreagraí in 2022.



Insert Photo Caption Here

Líon na gClinicí Fiaclóireachta in aghaidh an Réigiúin WERLA

- An tOirthear and Lár Tíre
- An Deisceart
- Connacht agus Ulaidh



PRÍOMHSTAITISTICÍ

748

Cead Saoráide
Dramhaíola

348 DC

207 SCÚ

105

Láithreán cláraithe
féinchohlíonta
pacáistithe

Ionchúisimh

55 neamhchohlíonadh le treoir
faoi Alt 14 ABD

16 neamhchohlíonadh le treoir faoi
Alt 18 ABD

214 cion faoi Alt 32

53 cion faoi Alt 34

72 cion faoi Alt 39

56 neamhchohlíonadh
le hAlt 55


Forfheidhmiúchán

5 bheart faoi Alt 56

22 iarratas chun na
hArdchúirte faoi Alt 57 & 58

31670

**Gearán Dramhaíola
a Imscrúdaíodh**



TFD 2021

Laghdaíonn rialú agus monatóireacht ar bhailiú, iompar, próiseáil agus diúscairt dramhaíola an tionchar comhshaoil a bhíonn ag giniúint dramhaíola ar an gcomhshaoil agus tá ardchórais bainistíochta dramhaíola forbartha ag Éirinn atá á spreagadh ag éilimh ar aisghabháil acmhainní, sláinte phoiblí agus folláine chomhshaoil.

Mar sin féin tá fadhb na dumpála neamhdhleathaí fós ann agus chuir an DECC maoiniú ar fáil, mar sin, trí na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna) chun tacú le Tionscnamh Frithdhumpála (TFD).

Ó seoladh an tionscnamh seo in 2017, tá 1274 tionscadal curtha ar fáil go rathúil ar fud na 31 limistéar údaráis áitiúil go léir, rud a chinntigh go bhfuil dumpáil neamhdhleathach fós ard ar an gclár oibre do phobail ar fud na tíre agus go bhfuil na

tacaíochtaí agus na hidirghabhálacha cuí ar fáil chun an fhadhb a chomhrac.

Sheol an DECC TFD 2021 ar an 13 Aibreán. Cuireadh €3 mhilliún ar fáil agus leithroinneadh é ar údaráis áitiúla. (Tá miondealú ar na 263 tionscadal agus ar an maoiniú leagtha amach in Aguisin II).

In 2021, lean an TFD le béim a chur ar cheithre phríomhréimse, mar a liostaítear thíos, agus rinneadh measúnú ar thograí tionscadail bunaithe ar a dtionchar féideartha sna réimsí sin.

- (i) **cosc,**
- (ii) **laghdú,**
- (iii) **oideachas agus**
- (iv) **forfheidhmiúchán.**

Maoiniú 2.92 milliún le haghaidh 263 tionscadal clúdaithe faoi TFD 2021.



OILIÚINT

Áirítear le hoiliúint agus forbairt foirne aon ghníomhaíocht a chabhraíonn le fostaithe eolas nó scileanna nua a fháil, nó eolas nó scileanna atá acu cheana a fheabhsú. Is féidir le hoiliúint agus forbairt fostaithe cabhrú lenár bhfoireann forfheidhmiúcháin dramhaíola éirí níos fearr ina gcuid post agus bearnaí a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar easpa eolais nó scileanna a sháru.

Bunaidh an ESTG – an Grúpa Oiliúna Seirbhísí Comhshaoil – chun freastal ar riachtanais forbartha na hEarnála seirbhísí comhshaoil trí chúrsaí a sholáthar ag na cúig ionad oiliúna réigiúnacha. Is iad na cúig ionad oiliúna ná Srath an Urláir, Caisleán an Bharraigh, Baile Átha Cliath, Ros Cré agus Baile an Chollaigh. Reáchtáladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas in 2021.

- 1) Cumhachtaí oifigigh údaraithe – cúrsa ar líne.

D'fhéach an cúrsa seo ar na míreanna seo a leanas thíos.

Alt 14 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú

- Dualgas oifigeach údaraithe chun
- Nótaí comhaimseartha
- Cumhachtaí is infheidhmithe chun truailliú comhshaoil a theorannú nó a chosc
- Cionta coiriúla féideartha – mainneachtain an treoir de bhun Alt 14 a chomhlíonadh

- Fianaise a bhailiú agus a choinneáil, ceanglais shlabhra na fianaise san áireamh
- Ráitis finnétithe agus rialacha órga a ullmhú agus fianaise á tabhairt (más gá)

- 2) Oiliúint foinse oscailte, Cúrsa ar líne 2 lá Imscrúduithe Idirlín, Nollaig 2021 – La Touché

Is cúrsa riachtanach é seo d'aon duine a úsáideann an tIdirlíon mar chuid d'iniúchadh nó cleachtadh bailithe faisnéise.

- 3) Cúrsa i Scileanna Seomra Cúirte – Cúrsa Oiliúna pearsanta HT i Ros Cré, Meán Fómhair 2021.

An t-eolas, an oiliúint agus an treoir a sholáthar don lucht freastail ar a bhfuil ag teastáil chun ullmhú do ról an fhinné i suíomh seomra cúirte agus é a chomhlíonadh.

- 4) Cúrsa scileanna iniúchta – cúrsa ar líne 2 lá.

Tá an cúrsa seo deartha chun léargas soiléir a thabhairt do chigirí comhshaoil ar an gcreat rialála agus dlíthiúil ina n-oibríonn siad. Gheobhaidh daoine den lucht freastail tuiscint ar an reachtaíocht rialaithe agus foghlaimeoidh siad faoina gcumhachtaí, bailiú fianaise, doiciméadú torthaí, conas fianaise a chur i láthair sa chúirt agus conas iniúchadh a dhéanamh ó thús deireadh.



DÁMHACHTAIN SAINCHUSPÓRA (15 CHREIDMHEAS) AS RIALÚ GNÍOMHAÍOCHTA DRAMHAÍOLA

D'fhonn comhsheasmhacht a chinntiú i rialú na ngníomhaíochtaí dramhaíola, d'fhorbair na WERLanna agus an ESTG cúrsa ar Rialú Gníomhaíochta Dramhaíola i gcomhar le IT/ATU Shligigh.

Cuireadh tús leis an gcúrsa ar líne i mí Eanáir 2021 le 25 mac léinn agus bhí sé ar siúl go dtí mí na Bealtaine. Bhí 3 mhodúl sa chúrsa:

**Ábhar 1 –
Réamhrá ar Chórais Dlí le haghaidh
Staidéir Chomhshaoil**

**Ábhar 2 –
Réamhrá ar Bhainistíocht Dramhaíola**

**Ábhar 3 –
Reachtaíocht Chomhshaoil maidir
le Dramhaíl.**

Rinneadh measúnú ar an gcúrsa trí mheasúnú leanúnach amháin.



CEARDLANN ÁR DTAITHÍ AR FHORFHEIDHMIÚCHÁN DRAMHAÍOLA A ROINNT

D'eagraigh Lónra NIECE i gcomhar leis na WERLAnna ceardlann ar líne d'údaráis áitiúla agus d'údaráis phoiblí eile a bhfuil baint dhíreach acu le forfheidhmiúchán dramhaíola. Tharla sé seo ar an 13 Deireadh Fómhair 2021. Áiríodh leis an gclár raon éagsúil cás-staidéar, a cuireadh i gcrích go príomha ag cigirí údaráis áitiúil a roinn a n-eispéiris shonracha, chomh maith le cuir i láthair ó fhoireann EPA.

Bhí trí sheisiún ann a scrúdaigh:

- Gníomhartha Forfheidhmiúcháin i gcoinne gníomhaíocht shuntasach
- Sruthanna Dramhaíola agus a Rianú
- Dul i nGleic le Gníomhaíocht Shuntasach Dramhaíola

I measc na gcur i láthair bhí:

- Sruthanna dramhaíola agus rianú dramhaíola
- Treochtaí reatha sa choireacht dramhaíola
- Iniúchtaí
- Oibríochtaí ilghníomhaireachta maidir le bailiú neamhúdaraíthe dramhaíola
- Imeachtaí dlí
- Iniúchtaí i réimsí oibríochtaí T&S
- Líonta talún neamhúdaraíthe
- Boinn dramhaíola
- Dramhaíl pacáistithe

Rannpháirtíocht agus Aiseolas

D'fhreastail 113 duine ar an imeacht agus i measc na dtoscairí bhí ionadaithe ó na húdaráis áitiúla ar fad agus baill foirne DECC, LGMA agus EPA. Bhí an t-aiseolas a fuarthas tríd an suirbhé ar an imeacht an-dearfach agus thug na toscairí le fios go gcabhródh an méid a foghlaimíodh ón imeacht leo lena gcuid oibre forfheidhmiúcháin, gur thaitin leagan amach an imeachta leo agus go mbeadh suim acu in imeachtaí comhchosúla amach anseo. Thaitin an roinnt úsáideach, phraiticiúil agus oscailte ar eispéiris, scéalta ratha agus na dúshlán a bhí rompu, le toscairí.

Fuarthas moltaí freisin maidir le topaici a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ag imeachtaí amach anseo, amhail:

- iniúchtaí ar cheadanna saoráidí dramhaíola
- dó sa chúlchlós
- scileanna agallaimh (rabhadh srl.)
- gearáin torainn a dhúnadh amach
- clóis conamair neamhdhleathacha
- costas méadaitheach na coireachta dramhaíola
- teicneolaíocht a chur chun cinn chun tacú le hobair forfheidhmiúcháin

ÍOMHÁNNA Ó IMEACHT NA CÁS-STAIDEÁR DRAMHAÍOLA



FORFHEIDHMIÚCHÁN DRAMHAÍOLA AGUS IONCHÚISEAMH ("MAN IN THE VAN")






Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

Gníomhartha maidir le bailitheoirí neamhdhleathacha

Tony O'Sullivan
13 Deireadh Fómhair 2021

Cén Fáth a bhí Gá leis an Oibríocht?

- Dramhaíl dumpáilte go neamhdhleathach i gceantair ar fud na cathrach
- Tharraing Gardaí aird ar na fadhbanna le daoine aonair
- Oibreoirí dlisteanacha ag gearán faoina bheith sladghearrtha agus á gcur as gnó
- Tionchar ar ár gcáil mura ndéantar agóid ina coinne
- Gan oibríochtaí mar seo leanfaí le tuilleadh gníomhaíochta neamhdhleathaí




Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

FOILSEACHÁIN 2021

Comhairle	4
Lámhleabhair Treorach	1
Foirmeacha Iniúchta	6
Litreacha caighdeánacha.....	4
Fógraí & Orduithe caighdeánacha	8
Aighneachtaí	5
Léaráidí Sreafa Oibre	1

